



Oifig an
Rialaitheora Pleanála
Office of the
Planning Regulator

Ráiteas Straitéise 2019-2024

Comhlacht Maoirseachta Pleanála den Chéad Scoth a Fhorbairt



Clár na nÁbhar

Brollach	3
Cuspóir, Aisling agus Luachanna	6
Eagar	7
Obair na hOifige	9
Na Geallsealbhóirí	14
Lón Ábhair na nGeallsealbhóirí	15
Spríocanna agus Bearta	17
Spríoc 1	18
Spríoc 2	20
Spríoc 3	22
Spríoc 4	23
Spríoc 5	24
An Éifeachtúlacht a Léiriú	25



An Chuspóir

Maoirseacht a dhéanamh maidir le forfheabhsú leanúnach ar an bpróiseas pleanála in Éirinn agus ar thoradh an phróis trí chomhordú maidir leis an bpleanáil ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a chur chun cinn, lón eolais níos téagartha a chruthú agus a chinntiú go ndéantar athbhreithniú rialta ar fheidhmiú na n-údarás pleanála agus an Bhoird Phleanála.

Brollach

Tá athrú tagtha ar an bpróiseas pleanála in Éirinn ó thráth a bhunaithe sa bhliain 1964, níos mó ná 50 bliain ó shin, agus is cuid mhórtábhachtach atá ann den bheartas poiblí a bhfuil de chuspóir leis a chinntiú go ndéantar dea-phleanáil agus forbairt inmharthanacht ar an tír ar mhaithe leis an uile dhuine. Tá ceithre cinn de phríomhghnéithe ag gabháil leis an bpróiseas pleanála, eadhon:

1. Straitéisí, pleananna agus beartais reachtúla arna n-ullmhú agus arna n-aontú ag an Rialtas, tionóil réigiúnacha agus údaráis áitiúla;
2. Cinneadh, i bhfianaise na bpleananna agus na bpolasaithe reachtúla, arna dhéanamh ag údarás áitiúil nó ag an mBord Pleanála, maidir le hiarratais ar chead pleanála agus maidir le cásanna achomhairc;
3. Bearta forfheidhmiúcháin ag údaráis áitiúla maidir le téarmaí agus coinníollacha an chead pleanála; agus
4. Maoirseacht ar an bpróiseas pleanála, lena n-áirítear taighde, oideachas agus oiliúint, arna dhéanamh ag Oifig an Rialaitheora Pleanála (ORP) d'fhonn a chinntiú go gcloítear le polasaithe náisiúnta agus le forálacha na reachtaíochta.

Cuireadh ORP ar bun i mí Aibreán 2019 de bhun moltaí a rinne an Binse Fiosrúcháin maidir le Cúrsaí Áirithe agus Íocaíochtaí Áirithe (Binse Fiosrúcháin Mahon) a chuir Dáil Éireann ar siúl sa bhliain 1997 agus a d'eisigh an cúigiú tuarascáil, agus an ceann deiridh, i mí Márta 2012.

Rinne Binse Fiosrúcháin Mahon 64 moladh dírithe ar chur go mór le cúrsaí follasacha maidir le córas pleanála na hÉireann i bhfianaise easnamh suntasach i rith na dtréimhsí

roimhe sin maidir le déanamh na gcinntí faoi phleananna forbartha na n-údarás áitiúil agus feidhmeanna pleanála eile.

Tá bonn reachtaíochta, faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, arna leasú, (an tAcht) le trí phríomhghnéithe na hOifige:

- i. Measúnacht neamhspleách maidir le pleanáil chun cinn na n-údarás áitiúil agus na dtionól réigiúnach uilig, lena n-áirítear, pleananna forbartha, pleananna ceantair áitiúla agus straitéisí réigiúnacha spáis agus eacnamaíochta;
- ii. Scrúdú ar na córais agus na gnáis atá in úsáid ag údarás pleanála ar bith, an Bord Pleanála san áireamh, i mbun aon cheann de na feidhmeanna pleanála a dhéanamh, measúnacht san áireamh maidir leis an mbaol go dtarlódh míriarachán nó éilliú; agus
- iii. Cláir náisiúnta maidir le taighde, oiliúint, oideachas agus eolas don phobal a chur chun cinn.

Cé nach comhlacht ORP ina gceaptar beartas, tá de ról leis an Oifig a chinntiú go dtagann cur i bhfeidhm na bpolasaithe pleanála agus na reachtaíochta ag údaráis áitiúla agus ag an mBord Pleanála lena n-éilítear faoi pholasaithe an Rialtais agus faoin reachtaíocht, go bhfuil cláir éifeachtúla maidir le taighde, oiliúint agus tuiscint an phobail ar chúrsaí pleanála ar bun chun bonn treise a chur faoin bpróiseas pleanála agus go bhfuil an pobal i gcoitinne ag cur spéis mar is cóir sa phróiseas pleanála.

Anuas ar an méid sin, beidh córas cothrom neamhspleách ar fáil ag an bpobal le ORP chun aird a tharraingt ar aon ábhar buartha a bhainfeadh leis na córais agus na gnáis oibre atá in úsáid ag údaráis pleanála le linn seirbhísí pleanála a chur ar fáil do dhaoine den phobal agus thar ceann an phobail. Trí

phróisis ORP maidir le measúnacht, athbhreithniú, scrúdú, taighde agus scaipeadh eolais, cuideofar leis an bPróiseas Pleanála, ó bhun go barr, a fhorbairt agus a neartú le himeacht aimsire.

Ina comhlacht poiblí neamhspleách nuabhunaithe don Oifig, beidh béim maidir leis an gcéad Ráiteas Straitéise sé bliana ar eagraíocht a bhunú a fheidhmíonn mar is ceart agus a chuireann i gcrích gach dualgas faoin reachtaíocht faoi mar a leagtar amach san Acht.

Is tráth tábhachtach san fhorbairt ar an bpróiseas pleanála in Éirinn atá i mbunú ORP, beart a thiocfaidh i bhfeidhm ar an saol ag gach saoránach sa Stát, maidir le riachtanais a bhaineann le tithíocht agus le forbairt fostaíochta a shásamh, riachtanais maidir le hinfreastruchtúr fisiciúil agus sóisialta a chomhlíonadh agus feabhas a chur ar chaighdeán na timpeallachta agus ar fheidhmiú eacnamaíochta bunriachtanach na tíre.

Tarlaíonn ORP a chur ar bun agus na feidhmeanna maoirseachta a leagan ar an oifig tráth a bhfuil tuiscint níos léire agus níos géire ar an ról a chaithfidh a bheith leis an bpróiseas pleanála, in éineacht leis na geallsealbhóirí eile, maidir le dul i ngleic leis an ábhar dúshláin casta ilchineálach a chuirtear romhainn maidir le cúrsaí timpeallachta.

Áirítear ar an ábhar dúshláin, pleanáil don fhorbraíocht sa chaoi is go dtéitear i ngleic le cúiseanna le hathrú aeráide an tráth céanna a dtéitear in oiriúint do thoradh an athrú aeráide. Áirítear freisin bainistíocht inmharthana agus caomhnú na timpeallachta i gcomhthéacs na dtréithe nádúrtha agus na dtréithe cultúrtha, caighdeán an aeir agus an uisce, torann agus bithéagsúlacht san áireamh. Tá mórthábhacht le bainistíocht inmharthana agus le caomhnú na timpeallachta mar ghnéithe bunúsacha de na feidhmeanna pleanála a thabhairt i gcrích.

Bíonn taithí chuid mhór de na saoránaigh ar an gcóras pleanála bunaithe ar phlé leis an bpróiseas a bhaineann le hiarratas ar chead pleanála nó páirt a ghlacadh sa phróiseas a bhaineann le cinneadh a dhéanamh faoi iarratas den sórt sin. Rinneadh beagán le cois 32,000 iarratas ar chead pleanála maidir le réimse leathan tograí forbraíochta i rith na bliana 2018.

Ní mór comhthéacs polasaí atá soiléir comhleanúnach chun cinntí a dhéanamh go héifeachtúil agus beidh Tionscadal Éire 2040 dá bhrí sin ar an bpríomhpholasaí pleanála a dtiocfaidh ORP faoina anáil maidir leis na feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh i rith ré feidhme an Ráitis Straitéise.

Tá borradh nua le blianta beaga anuas faoi cheapadh pleananna, go háirithe ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach, ag cur leis na pátrúin sheanbhunaithe maidir le pleananna a cheapadh ar leibhéal an údaráis áitiúil. 31 údarás áitiúil atá ar fáil anois i gcomórtas le 88 údarás pleanála sular ritheadh an tAcht Rialtais Áitiúil 2014.

Tá béim in athuair freisin ar an nuálaíocht maidir le seirbhísí poiblí go ginearálta, agus seirbhísí pleanála go háirithe, a chur ar fáil, mar shampla seirbhísí pleanála digiteacha a bhfuil dea-thoradh orthu maidir le luach an airgid agus le caighdeán na hoibre. Anuas air sin, déantar talamh slán de gur cheart go dtiocfadh ceapadh beartais faoi anáil fianaise agus go dtiocfaidh an gnás oibre ina dhiaidh sin faoi anáil an bheartais.

Tá ORP ar bun chun na gnéithe sin a tharraingt le chéile agus a chinntiú go mbíonn an próiseas pleanála in Éirinn bunaithe ar pholasaithe aontaithe a chur i bhfeidhm agus go ndéantar de réir na bhfeidhmeanna pleanála ar bhealach éifeachtach críochnúil atá dírithe ar thoradh na beartaíochta agus ar rannpháirtíocht a chothú.

Táthar chun tosaigh ar mhórchuid thíortha na hEorpa maidir le rialaitheoir pleanála neamhspleách a chur ar bun, rud a léiríonn díograis maidir le ceacht a fhoghlaim ónar tharla san am a caitheadh agus modhanna nua a chur ar bun trína gcinntítear go gcuirtear polasaithe poiblí nua a tugadh chun cinn le blianta beaga anuas i bhfeidhm go héifeachtach.

Tugtar san áireamh an fhorbairt shlánchóirithe ar pholasaithe náisiúnta pleanála agus ar straitéisí náisiúnta maidir le hinfheistíocht chaipitil agus le hinfheistíocht in earnálacha éagsúla, mar shampla Tionscadal Éire 2040, lena mbaineann aisling i leith chúrsaí spáis agus an modh ina dtabharfar sin i gcrích le hinfheistíocht chaipitil poiblí.

Mar a chéile le comhlachtaí eile de chuid na hearnála poiblí, ní mór do ORP a bheith luathbheartach

maidir le dul in oiriúint d'athrú sa tsochaí, ar an ní a mbíonn súil ag an gcustaiméir leis agus ar bhealaí nua oibre le linn ré feidhme an phlean. Tá de rún againn eagraíocht a chruthú atá bunaithe ar fhoghlaim agus ar fhorbairt, a dhéanann cumarsáid ar bhealaí de chuid na linne seo agus a mbíonn dea-cháil ar an gcaidreamh a dhéantar go pearsanta leis an saoránach agus leis an ngeallsealbhoir.

Tá an Ráiteas Straitéise seo dírithe ar an leas is fearr a bhaint as deiseanna chun an sárchleachtas a chur i bhfeidhm agus struchtúr forásach eagrúcháin de chuid na hearnála poiblí a thapú le linn an eagraíocht a chruthú ón bhfiorthús, mar shampla, trí gnó a dhéanamh go digiteach agus idirchaidreamh ar an gcaoi chéanna a spreagadh.

Chuir an lucht foirne, an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus réimse leathan geallsealbhoirí leis an ábhar smaointeoireachta don Ráiteas Straitéise seo d'fhonn go dtabharfaí na haidhmeanna straitéiseacha i gcrích maidir lena

chinntiú go gcuireann an phleanáil agus an fhorbairt le forbairt atá cothrom inmharthana, le soláthar tithíochta ar dhea-chaighdeán agus le beartas an Rialtais a chur i bhfeidhm agus aidhmeanna an Rialtais a thabhairt i gcrích.

Beidh gá le dianobair dhúthrachtach ón uile dhuine den fhoireann chun an Ráiteas Straitéise seo a ullmhaíodh faoi fhorálacha alt 31T san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) agus i gcomhréir leis na forálacha sin a chur i bhfeidhm agus an eagraíocht á tabhairt chun cinn. Táim cinnte go dtabharfar comhlacht poiblí neamhspleách ardfheidhme i gcrích atá tugtha do bhonn treise a chur faoin bpróiseas pleanála in Éirinn agus cur le muinín an phobail as i rith na mblianta seo.

Niall Cussen

Príomhfheidhmeannach agus Rialaitheoir Pleanála



Cuspóir, Aisling agus Luachanna

Tá de **chuspóir** le ORP maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheabhsú leanúnach phróiseas pleanála na hÉireann agus thorthaí an phróisis sin tríd an gcomhordú ar chur i bhfeidhm na bpolasaithe pleanála ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a chur chun cinn, bonn eolais níos tréine cuimsithí a chur le chéile agus athbhreithniú tráthrialta ar fheidhmiú na n-údarás pleanála agus an Bhoird Pleanála a chinntiú.

Is é a chuirtear **d'aisling** roimh an Oifig go mbeifí i riocht a áiteamh, ar dheireadh a theacht le ré an Ráitis Straitéise seo, go bhfuil leas in Éirinn as córas dea-chumtha pleanála agus go bhfuil córas leathanréimseach éifeachtúil oideachais, oiliúna agus taighde maidir le cúrsaí pleanála curtha i bhfeidhm a bhfuil dea-theist air agus cultúr bunaithe ar fheabhsú leanúnach á chothú in údarais pleanála agus athbhreithniú tráthrialta ar fheidhmiú na n-údarás ina chúis leis sin.

Seo a leanas **luachanna** na hOifige:

Neamhspleáchas: Tá ORP tugtha do ghuth neamhspleách, cothrom, lán eolais a bheith ar fáil maidir le cúrsaí pleanála agus do chuidiú le húdarais áitiúla na torthaí a mbítear ag tnúth leo ar pholasaithe idirnáisiúnta, náisiúnta agus réigiúnacha a thabhairt i gcrích de réir mar a bhíonn pleananna reachtúla á leagan síos acu agus do chomhairle a chur ar an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil maidir le héifeachtúlacht phróiseas pleanála na hÉireann.

Gairmiúlacht: Cothófar cumas ORP comhairle neamhspleách, cothrom, lán eolais a chur ar fáil do gheallsealbhóirí eile sa phróiseas pleanála tríd an ngairmiúlacht agus an acmhainn eolas agus sonraí buntábhachtacha a chruinniú. Díreoidh ORP aird ar na pátrúin agus ar na haidhmeanna barrthábhachta a bhaineann le réimse na pleanála ionas go gcinntítear cur chuige straitéiseach comhordaithe maidir lena gcuirtear de dhúshlán romhainn faoi láthair agus san am atá romhainn a shárú, mar shampla tithíocht a chur ar fáil, maolú ar a throime a bhíonn pátrúin foirgníochta maidir le hídú fuinnimh chun dul i ngleic leis na cúiseanna

atá le hathrú aeráide agus leas a bhaint as na hathruithe suntasacha a thiocfaidh chun cinn maidir le feidhmiú na gcóras iompair agus taistil.

Follasacht: Beidh de shaintréith le cur chuige ORP go léirítear an fhollasacht i mbun gach cuid den obair, idir fianaise agus sonraí taighde a bhailiú, cláir eolais, tuisceana poiblí agus oiliúna a rith, agus measúnacht a dhéanamh ar phleananna nó athbhreithniú a dhéanamh maidir le ceisteanna pleanála. Tá muinín an phobail as an bpróiseas pleanála in Éirinn ag brath ar fhollasacht a bheith ag baint leis an bpróiseas sa chaoi is gur léir don phobal an dóigh ina dtarlaíonn polasaithe agus gnáis oibre a leagan amach agus a chur i bhfeidhm.

Caidreamh: Is mór an deis cultúr tairbheach fadsaolach a chruthú atá in eagraíocht nua a chur ar bun agus tuigtear go maith dá bhrí sin do ORP go bhfuil mórthábhacht le caidreamh forbheartach agus le toilteanas bearta éagsúla a scrúdú maidir le ról den rath a dhéanamh, le haird ar na réimsí éagsúla dúshláin a bhíonn le sárú maidir le cúrsaí pleanála agus forbraíochta, a mbaineann castacht leo go minic agus a mbíonn coimhlint eatarthu uaireanta.


Béim ar an gCustaiméir: Tá ORP tugtha do sheirbhísí a chur ar fáil go cóir, críochnúil, cúirtéiseach, tráthúil don uile chustaiméir i gcomhréir le dhá Bhunprionsabail déag an Rialtais maidir le Seirbhís Ardchaighdeáin don Chustaiméir. Tá an ORP dúthrachtach maidir le plé leis an gcustaiméir gan idirdhealú ná leatrom. Tá meas ag ORP ar chearta daonna agus ar chúrsaí comhionannais i gcomhréir leis na prionsabail a bhaineann le Dualgas na hEarnála Poiblí agus le reachtaíocht an chomhionannais. Beidh aird ag ORP ar chúrsaí iléagsúlachta maidir leis an tseirbhís a chuirtear ar fáil don uile chustaiméir.

¹<https://www.gov.ie/en/policy-information/89dbad-guiding-principles-of-quality-customer-service/>

Eagar

Tá ORP eagraithe de réir thrí cinn de réimsí éagsúla ag teacht leis na feidhmeanna faoin reachtaíocht. Leagtar amach struchtúr na heagraíochta sa léaráid thíos.

Mapa de Struchtúr Corparáideach agus d'Fheidhmeanna Oifig an Rialaitheora Pleanála



Cuireadh Oifig an Rialaitheora Pleanála ar bun chun a chinntiú gurb é leas an phobail croí agus anam an phróiseas pleanála in Éirinn agus, trí fhaisnéis, sonraí agus eolas a mhalartú idir na geallsealbhóirí uile sa phróiseas pleanála, déanfar feabhsú leanúnach, cuirfear le caighdeán agus le héifeachtúlacht na seirbhísí pleanála a chuireann na húdaráis pleanála, an Bord Pleanála agus na geallsealbhóirí ar fad ar fáil.

An tOireachtas a chuir ORP ar bun agus leagtar amach go soiléir san Acht sainordú na hoifige, a leagtar d'fheidhmeanna uirthi agus a dtugtar de chumhacht don eagraíocht.

Cuireadh ORP ar bun mar gheall ar an lón foghlama ó nithe a tharla san am a caitheadh chomh maith le fonn láidir ar an Rialtas cur leis an éifeachtúlacht maidir le comhordú idir polasaithe pleanála náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla agus tionscnaimh chun spriocanna agus aidhmeanna aontaithe a thabhairt i gcrích.

Tarlaíonn ORP a bhunú an tráth céanna a bhfuil polasaithe nua pleanála bunathraitheacha á dtabhairt chun cinn ag an Rialtas – tar éis bearta cuimsitheacha comhairliúcháin náisiúnta a dhéanamh – agus ní mór na polasaithe sin a chur i bhfeidhm:

- Forbraíocht theanntaithe a thabhairt chun cinn i gceantair uirbeacha trí sprioc a leagan síos maidir le 40% ar a laghad de na hárais cónaithe nua ar fad ar fud na tíre a chur ar fáil taobh istigh den réimse foirgníochta de bhailte atá ar bun cheana féin seachas forbraíocht a dhéanamh i réimsí neamhfhorbartha ar bhealach a fhágann go bhfairsingítear na réimsí foirgníochta;
- Pleananna forbartha agus pleananna ceantair áitiúla a ullmhú arna mbunú ar Mheasúnacht Éilimh maidir le Riachtanas Tithíochta trína ndéantar pleanáil ar bhonn slánchóirithe maidir le riachtanais tithíochta réimse iomlán na ndaoine a bhfuil tithíocht de dhíth orthu agus monatóireacht ar a gcur ar fáil sa chaoi is go dtugtar sin san áireamh sa phróiseas pleanála spáis; agus
- Athrú go dtí forbraíocht atá éadrom ó thaobh carbóin nó saor ó charbón d'fhonn cuidiú le dualgais maidir le dul i ngleic leis na cúiseanna leis an athrú aeráide atá ceangailte ar Éirinn faoi chonarthaí idirnáisiúnta a chomhlíonadh.

Beidh gá le bunathrú ar an gcur chuige ar an leibhéal áitiúil maidir le polasaithe pleanála agus le cur i bhfeidhm pholasaithe agus pleananna chun tabhairt faoi na polasaithe seo agus polasaithe nach iad faoin gCreat Náisiúnta Pleanála, mar shampla na Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta.

Ina heagraíocht nuabhunaithe don Oifig, oibreoidh ORP go dlúth leis na geallsealbhóirí ar fad a bhaineann le hábhar, ina measc an tAire Tithíochta,

Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus Roinn Rialtais an Aire sin, na húdaráis áitiúla, lena n-áirítear na tionóil réigiúnacha, an Bord Pleanála, grúpaí atá dírithe ar chúrsaí timpeallachta, gnó agus forbairt pobail agus dreamanna gairmiúla a oibríonn ar an timpeallacht foirgníochta agus taighdeoirí, maidir le ról mórthábhachta a chomhlíonadh i ndáil leis na hathruithe seo a thabhairt i gcrích.

Trí ORP a chur ar bun, tá léirithe go soiléir go bhfuil an Rialtas dúthrachtach maidir le haon phointe fócais náisiúnta amháin leis an bhfaisnéis agus an saineolas is gá chun comhairle a chur ar údaráis áitiúla maidir leis na feidhmeanna i ndáil le pleananna a leagan amach agus bonn treise a chur faoin mbeartaíocht oiliúna, oideachais agus taighde is gá chun treisiú le pleanáil atá bunaithe ar fhianaise.

Chomh maith leis sin, oibreoidh ORP ar mhaithe lena chinntiú go mbíonn suim mar is ceart ag an bpobal sa phróiseas pleanála agus an teacht ceart ag daoine ar fhaisnéis agus ar shonraí pleanála ionas gurb é an pobal i gcoitinne, níos mó ná mar a tharlaíonn faoi láthair, is cionsiocair le ceapadh an bheartais.

Trí obair ORP i rith na mblianta seo romhainn, cuirfidh measúnacht níos rialta ar éifeachtúlacht na bpolasaithe pleanála agus na ngnás oibre feabhas leanúnach ar an bpróiseas.

Obair na hOifige

Measúnacht neamhspleách ar an bpleanáil chun cinn a dhéanann na húdaráis áitiúla agus na tionóil réigiúnacha

Is é príomhfheidhm a leagtar ar ORP measúnacht neamhspleách a dhéanamh maidir le pleananna forbartha agus straitéisí réigiúnacha faoin reachtaíocht, agus maidir le hathruithe orthu sin, d'fhonn a chinntiú go leagtar amach straitéis fhorghinearálta maidir le pleanáil chuí agus forbairt inmharthana ar an gceantar atá i gceist leis an bplean nó leis an straitéis.

Áirítear ar na comharthaí sóirt maidir le dea-phleanáil agus forbairt inmharthana bearta soiléire maidir leis an athrú aeráide, bainistíocht ar an infreastruchtúr uisce, caomhnú na ngnáthóg a bheadh i mbaol an tráth céanna a dtugtar faoina bhfuil i gceist le borradh faoin daonra agus faoin eacnamaíocht. Chun ábhar dúshláin den sórt sin a shárú, beidh gá le leibhéal níos airde arís maidir leis an obair comhordúcháin agus forfheidhmiúcháin i ndáil leis na pleananna agus straitéisí reachtúla ar fad.

Ag teacht le moltaí Bhinse Fiosrúcháin Mahon, leagtar ar ORP an ról maidir le measúnacht a dhéanamh ar an mbeartas agus ar an obair fhorfheidhmiúcháin a leagtaí go dtí seo ar an Aire atá freagrach as cúrsaí pleanála.

Déanfaidh ORP measúnacht neamhspleách ar na pleananna agus straitéisí reachtúla seo d'fhonn a chinntiú go mbíonn siad ag teacht leis na polasaithe agus na haidhmeanna pleanála náisiúnta agus réigiúnacha agus déanfar, ar an gcéad dul síos, tuairimí / moltaí a chur ar fáil don údarás pleanála lena mbaineann maidir le bealaí inar cheart díriú ar chúrsaí reachtaíochta agus polasaí i ndrúachtphlean, bealaí san áireamh maidir le teacht le:

- An Creat Náisiúnta Pleanála;
- Straitéisí Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnacha;
- Treoir reachtúil maidir le cúrsaí pleanála arna eisiúint ag an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, 'ceangaltas sonrath maidir le

polasaí pleanála' san áireamh;

- Treoracha maidir leis an bpolasaí pleanála; agus,
- Gnéithe eile den reachtaíocht agus den bheartas a bhaineann le hábhar, an comhthéacs athraitheach maidir le pleanáil mara san áireamh.

I mbun na bhfeidhmeanna faoin reachtaíocht a chomhlíonadh, féachfaidh ORP le hoibriú go dlúth leis na geallsealbhóirí eile, na tionóil réigiúnacha agus gníomhaireachtaí eile san áireamh a leagtar ról comhairliúcháin orthu faoin reachtaíocht maidir leis an bpróiseas ceapadh pleananna.

Ón tráth a mbíonn lón comhairle curtha faoi bhráid faoin reachtaíocht ag ORP faoin bpróiseas maidir le pleananna a cheapadh, ní mór don údarás pleanála lena mbaineann an dóigh a dtabharfar faoin ábhar sin a leagan amach agus an dea-phleanáil agus an fhorbairt inmharthana ar an limistéar atá i gceist á thabhairt san áireamh.

Sa chás go nglactar ina dhiaidh sin le plean nach bhfuil ag teacht le moladh ar bith de chuid ORP, is féidir leis an Rialaitheoir Pleanála fógra a eisiúint leis an Aire arna mholadh go mbaintear feidhm as cumhacht ordacháin, mar a shonraítear faoi alt 31 an Achta, chun a thabhairt ar an údarás pleanála an cheist a réiteach.

Le forálacha faoin reachtaíocht le gairid, cuireadh an próiseas maidir le pleananna contae agus pleananna cathracha a cheapadh i gcuid mhór limistéar riaracháin ina stad go mbeadh na straitéisí réigiúnacha spáis agus eacnamaíochta arna n-ullmhú ag trí cinn de thionóil réigiúnacha a cuireadh ar bun faoin Acht Rialtais Áitiúil 2014 curtha le chéile agus aontaithe.

Ar na straitéisí thuasluaite a aontú, cuirfear tús le hathbhreithniú ar na pleananna forbartha contae agus cathrach go ceann dhá bhliain nó mar sin. Tiocfaidh de thoradh phleananna nua contae agus cathrach a aontú ina dhiaidh sin go ndéanfar pleananna ceantair áitiúla a leasú.

Admhaíonn ORP dá réir sin go mbeifear ag plé le hualach suntasach oibre maidir le measúnacht ar phleananna i rith bhlianta tosaigh na hoifige agus go mbeidh gá ord tábhachta agus córas feidhme a leagan amach ina leith sin ionas go gcinntítear acmhainní leordhóthanacha ar fáil an t-am ar fad chun an sainordú faoin reachtaíocht a chomhlíonadh.

Le bunú na hOifige nua seo chun maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas maidir le pleananna forbartha agus le straitéisí réigiúnacha agus ar an gcóras pleanála, cuirtear go mór leis na socruithe rialachais agus maoirseachta reatha maidir leis an gcóras pleanála le fonn a chinntiú go mbíonn an seasamh is daingne a d'fhéadfadh le hionracas an chórais.

Tá buntábhacht le comhleanúnachas, le hionracas agus le muinín an phobail maidir le dea-fheidhmiú phróiseas na pleanála. Tá an phleanáil cinniúnach maidir le forbairt leanúnach ar réimsí uile na tíre – réimsí uirbeacha agus tuaithe, réimsí talún agus mara – trína chinntiú gur dea-phleanáil agus forbairt inmharthana a thagann de bharr na forbartha sin. Is tábhachtach gur san ionad ceart ar an mbealach ceart agus ag an tráth ceart a dhéantar forbraíocht ionas go sásaítear riachtanais mhuintir na hÉireann an tráth céanna a gcaomhnaítear tréithe iomadúla na timpeallachta nádúrtha agus na timpeallachta foirgníochta.

Athbhreithniú ar na córais agus na gnáis atá in úsáid ag údarás pleanála

Tugtar de chumhacht do ORP freisin athbhreithniú a dhéanamh ar cheisteanna córais agus feidhmiúcháin maidir leis an bpróiseas pleanála agus beidh, dá réir sin, ról suntasach leis an oifig maidir le bearta athbhreithnithe agus scrúdaithe a dhéanamh ar oibriú na n-údarás pleanála, más de rogha na hoifige amháin é, ar a iarraidh ag an Aire nó de bhun gearáin a thagann isteach.

Beidh ORP freisin ina chomhlacht rialála maidir le cúrsaí pleanála in Éirinn agus déanfar athbhreithniú ar fheidhmiú na n-údarás pleanála ar fad chomh maith le tabhairt faoi fheidhm thábhachtach maidir le húdaráis áitiúla áirithe a roghnú gach bliain a ndéanfar iniúchadh níos géire ina leith agus tuairisc a thabhairt ar thorthaí na hoibre sin don Aire agus don Oireachtas.

Cuirfidh ORP na húdaráis pleanála ar fad, an Bord Pleanála san áireamh, faoi athbhreithniú go rialta leanúnach. Chomh maith leis an ngnáthfheidhm athbhreithniúcháin tráthrialta, beidh de scóip ag an oifig athbhreithniú sa bhreis air sin a dhéanamh ar cheisteanna faoi leith a d'fhéadfadh a theacht chun tosaigh in údarás amháin nó i líon níos mó ná sin, mar shampla, maidir le hobair forfheidhmiúcháin agus déanamh na hoibre sin, etc.

Beidh de chumhacht ag ORP moltaí neamhspleách bunaithe ar fhianaise a chur faoi bhráid na n-údarás pleanála agus an Aire sa chás go meastar, maidir le húdarás pleanála:

- nach móide go bhfuil feidhmeanna an údaráis á gcomhlíonadh i gcomhréir leis an Acht;
- nach bhfuil an t-údarás ag cloí le treoirlínte nó treoir arna n-eisiúint ag an Aire;
- nach móide go bhfuil na feidhmeanna forfheidhmiúcháin á n-oibriú go cuí sa limistéar riaracháin ag an údarás faoi Chuid VIII ionas go gcinntítear an comhlíontas;
- go bhféadfadh caighdeáin mhíchuí a bheith á gcur i bhfeidhm maidir le gnáis riaracháin;
- go bhféadfadh idirdhealú ar bhonn córais a bheith á chur i bhfeidhm maidir le déanamh cinntí; nó
- go bhféadfadh an t-údarás a bheith ag feidhmiú ar bhealach lena bhfágfaí baol calaoise nó lena mbainfeadh díbharainneacht nó mí-éifeacht maidir le déanamh na bhfeidhmeanna.

Is den tábhacht go gcuirtear na caighdeáin is airde i bhfeidhm agus go gcloíonn na páirtithe ar fad atá páirteach sa chóras pleanála leo, ina measc na húdaráis pleanála, comhlachtaí poiblí, an earnáil tógála agus forbraíochta, lucht gairme, agus an pobal i gcoitinne. Cé go dtagann cloí leis na coinníollacha faoin reachtaíocht maidir le eitic in oifigí poiblí i gceist leis sin, na forálacha maidir le rialáil ar stocaireacht san áireamh, tagann follasacht, cuntasacht agus an sárchleachtas a chur i bhfeidhm maidir le gach réimse den tseirbhís pleanála i gceist chomh maith.

Déanann córas maith pleanála freastal ar riachtanais an phobail chomh maith le cóiriú roimh ré dá mbeadh á éileamh. Bíonn tionchar ag an gcóras pleanála ar ghnéithe iomadúla de ghnáthshaol

an duine agus ní mór, dá bhrí sin, a chinntiú go bhfeidhmíonn an córas mar atá leagtha amach ionas go dtugtar dea-thorthaí pleanála i gcrích.

Tá de rún ag ORP, ina leith sin, go mbeadh an próiseas athbhreithniúcháin ina acmhainn ag earnáil na pleanála, agus go gcuirfí 'scrúdú sláinte' rialta ar fáil leis maidir le héifeachtúlacht na beartaíochta pleanála agus maidir leis na torthaí a thugtar i gcrích. Beidh moltaí á dtabhairt mar chuid den phróiseas i ndáil le réimsí inar gá feabhas ar pholasaithe pleanála agus ar an gcur i bhfeidhm. Díreofar freisin leis an bpróiseas athbhreithniúcháin ar aird a tharraingt ar réimsí bua agus ar dhea-thorthaí pleanála agus ar an sárchleachtas a chur sa timpeall ionas go dtreisítear le gach gné den phróiseas pleanála.

Taighde, oiliúint, oideachas agus eolas poiblí a chur chun cinn ar bhonn náisiúnta

Ar an tríú ní, cuirfidh ORP obair taighde chun cinn chomh maith le cláir oideachais a rith, cur leis an oiliúint atá curtha ar fáil ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus eagraíochtaí eile agus le haird agus tuiscint an phobail a chothú ionas go gcuirtear bonn daingean faoi phrionsabail na dea-phleanála agus na forbartha inmharthana. Tabharfar san áireamh leis sin cláir oideachais do chomhaltaí tofa, d'oifigigh in údaráis pleanála agus an Bhoird Pleanála.

Beidh feidhmeanna taighde, oiliúna agus faisnéise poiblí á gcomhlíonadh ag ORP freisin maidir le malartú eolais chomh mór agus is féidir a chothú idir 31 údarás áitiúil, 3 thionól réigiúnach, an Bord Pleanála agus geallsealbhóirí eile, mar shampla eagraíochtaí gairmiúla agus grúpaí sainleasa, ionas go gcuirtear oiread agus is féidir le héifeachtacht, críochnúlacht agus comhleanúnachas na hoibre.

Ar mhaithe leis sin, cuirfidh ORP straitéis ar bun maidir le Córas Faisnéise Geografaíochta (GIS) ar bun ionas gur féidir an leas is fearr a bhaint as teicneolaíocht GIS taobh istigh den oifig féin agus, chomh maith leis sin, mar acmhainn sheachtrach ag na geallsealbhóirí. Seachnófar dúbailt maidir leis an gcóras sin trína bhunú ar dhul chun cinn agus ar chórais atá ar bun cheana féin ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, ag na húdaráis pleanála agus ag geallsealbhóirí eile.

Tá i gceist go mbeadh an cúnamh taca agus an t-ábhar anailíse a chuirtear ar fáil trí ORP ina chabhair ag na húdaráis pleanála ar fad na scileanna, acmhainní agus córais ar fad a thapú a ligeann dóibh feidhmiú go críochnúil. Fágann ORP a chur ar bun go bhfuil beart á dhéanamh maidir le haon phointe fócais amháin le sainordú faoi leith faoin reachtaíocht maidir le taighde ar chúrsaí pleanála, ní a bhí in easnamh ó chuaigh an Foras Forbartha i léig i rith na 1990idí.

Ba é comhairle Bhinse Fiosrúcháin Mahon gur cheart ról a bheith le ORP maidir le cúrsaí oideachais, oiliúna, taighde agus tuiscint an phobail mar gheall ar thionchar chun sochair a bheith ag beartaíocht den sórt sin maidir le cur in aghaidh aon bhaol go dtarlódh neamhéifeacht nó easpa críochnúlachta i ndáil le seirbhísí pleanála a chur i gcrích agus le baol a sheachaint go dtarlódh calaois nó go mbainfí ó ionracas phróiseas na pleanála.

Tugann ORP a chur ar bun deis cur le réimse leathan beartaíochta atá ar siúl cheana féin maidir le taighde, oiliúint agus tuiscint an phobail, ina measc:

- I. Eagraíochtaí taighde idirnáisiúnta de chuid an AE agus eile, mar shampla ESPON, OECD, Horizon 2020;
- II. an Rialtas, trí na ranna rialtais agus na gníomhaireachtaí éagsúla, comhlachtaí san áireamh a dhéanann urraíocht ar chláir ilbhliantúla taighde, mar shampla an Chomhairle um Thaighde in Éirinn, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann;
- III. an Rialtas Áitiúil;
- IV. na Forais Ardoideachais (HEI), cúig Scoil Pleanála oileán na hÉireann san áireamh (Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Ollscoil na Ríona, Béal Feirste, Ollscoil Uladh);
- V. Eagraíochtaí lucht gairme a bhaineann leis an timpeallacht foirgníochta, ina measc Institiúid Pleanála na hÉireann agus an Institiúid Ríoga maidir le Pleanáil Bailte;
- VI. Institiúidí agus cumainn de chuid na hearnála poiblí, mar shampla an Foras

Riaracháin agus Cumann Rialtais Áitiúil na hÉireann;

- VII. Beartaíocht na n-eagraíochtaí neamhrialtais atá dírithe ar phleanáil agus ar fhorbairt;
- VIII. Bearta taighde agus tiomsú eolais de chuid eagraíochtaí san earnáil phríobháideach; agus
- IX. Bearta taighde agus tiomsú eolais de chuid dhaoine phríobháideacha.

Ar cheann de na príomhréimsí dúshláin atá roimh ORP i rith ré feidhme an Ráitis Straitéise seo, tá a bhfuil thuas a tharraingt le chéile i gcomhthéacs a gceapann na geallsealbhóirí éagsúla maidir le próiseas na pleanála a bheith buntábhachtach maidir le riachtanais eolais, oiliúna agus tuiscint an phobail, an méid a bhfuil taighde déanta cheana féin ina leith a thabhairt chun aire agus a bhfuil le cur i gcrích go fóill maidir le fianaise, gnás agus/nó tuiscint a leagan amach.

Ar an ábhar sin, tá de rún ag ORP Grúpa Náisiúnta maidir le hEolas Pleanála a chur le chéile d'fhonn comhairle a chur ar an Rialaitheoir Pleanála faoin staid faoi láthair maidir le heolas i ndáil le cúrsaí pleanála, gnéithe práinneacha agus gnéithe straitéiseacha, agus maidir le bearnaí ar ceart dul i ngleic leo i gcomhar leis na geallsealbhóirí. Ar chomhairle tosaigh a dhéanamh i ndáil leis an Ráiteas Straitéise seo a chur i dtoll a chéile, is cosúil go mbeadh rath as grúpa den sórt sin maidir le:

- **Ionad eolais agus acmhainní oiliúna maidir le cúrsaí pleanála a fhorbairt is féidir a thapú ar líne** agus atá furasta le húsáid ag daoine atá i mbun gnóthaí pleanála agus acu siúd, mar shampla daoine den phobal, a bhfuil breis eolais á lorg acu ionas gur éifeachtúla is féidir leo páirt a ghlacadh sa phróiseas pleanála;
- **Clár taighde straitéiseach maidir le cúrsaí pleanála a chur ar fáil** trína ndéantar soláthar don eolas a bhíonn de dhíth maidir le gnéithe den phleanáil láithreach agus den phleanáil go fadtéarmach, mar shampla tuiscint ar choinníollacha maidir le measúnacht aeráide i ndáil le pleananna agus tionscadail, gnéithe nua teicneolaíochta maidir le gluaiстеacht, an tionchar atá ag an daonra níos aosta, agus

feabhas maidir le forfheidhmiú pleananna agus le modhanna chun torthaí tionscadail a léiriú ionas gur féidir le líon níos mó de mhuintir an phobail a dtiocfadh de thoradh phróisis éagsúla cinntí sa chóras pleanála a thuiscint.


- **A thabhairt gur féidir bróicéireacht** eatarthu sin a mbeadh sonraí nua nó léargas nua á éileamh acu maidir le ceisteanna pleanála ar mhaithe le polasaithe a cheapadh nó le hobair a chur i gcrích, mar shampla an Rialtas, an Bord Pleanála agus údaráis áitiúla agus iad sin a bheadh in acmhainn éileamh dá shórt a shásamh, mar shampla earnáil an ardoideachais nó comhlachtaí gairme a bhfuil ról taighde leo; agus
- **Eolas a scaipeadh maidir leis an tairbhe a bhíonn ón bpleanáil, agus a bhfuil bainte amach de bharr na pleanála a scaipeadh** – ionas gur fearr is féidir leis an bpobal i gcoitinne tuiscint a fháil, trí chaidreamh a dhéanamh go háitiúil, ar fheidhm ghinearálta na pleanála agus, ní is tábhachtach, ar an ról atá le muintir an phobail féin maidir le tionchar a imirt ar an bpróiseas.

Baineann le sainordú ORP freisin moltaí a eascraíonn ó na próisis oibre faoi scáth na dtrí phríomhfheidhm a leagtar amach thuas a chur ar faoi bhráid an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil leibhéal an nós imeachta agus an bheartais, náisiúnta agus áitiúil.

D'fhéadfadh moltaí a theacht i gceist sa chás, i ndáil le pleananna nó straitéisí a mheas, go bhfuil ORP den tuairim gur gá bearta áirithe a dhéanamh chun a chinntiú go mbíonn an plean ag teacht leis an mbeartas náisiúnta nó go mbítear den tuairim nach bhfuil straitéis fhorghinearálta maidir leis an dea-phleanáil agus forbraíocht inmharthana leagtha amach go leordhóthanach sa phlean.

D'fhéadfadh, anuas air sin, go dtiocfadh moltaí i gceist tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar údarás pleanála faoi leith nó scrúdú a dhéanamh mar gheall ar ábhar gearáin faoi leith; ina leithéid de chás, is féidir le ORP a iarraidh ar an Aire smaoineamh faoi úsáid a bhaint as an gcumhacht treoirlínte

nó ordachán a eisiúint. Agus cás á mheas lena mbainfeadh moltaí a chur faoi bhráid an Aire i ndáil le treoirínte nó ordacháin, tiocfaidh ORP faoi anáil thorthaí na gclár taighde agus oideachais.



Na Geallsealbhóirí

Caitheann ORP oibriú i gcomhar le cuid mhór geallsealbhóirí maidir leis an bpróiseas pleanála agus lón eolais uatha a chur san áireamh ionas go mbíonn réimsí spéise na ndreamanna seo a leanas le sonrú:

- **An pobal**, ar ar a son atá an próiseas pleanála ar bun, chun dea-phleanáil agus dea-fhorbairt a chinntiú ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil maidir le ceantair uirbeacha agus ceantair faoin tuath;
- **An tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus an Roinn** lena mbeidh ORP ag obair lá i ndiaidh an lae maidir leis an sainordú faoin reachtaíocht a chomhlíonadh agus i ndáil leis na socruithe a éilítear ar chomhlachtaí poiblí maidir le maoirseacht, rialachas agus bainistíocht airgeadais;
- **Na hÚdaráis Pleanála, an Bord Pleanála agus Tionóil Réigiúnacha, Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CCMA)**, a dhéanann cinntí éagsúla maidir le pleananna a leagan amach agus cinntí pleanála agus feidhmeanna pleanála eile i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta agus leis an mbeartas náisiúnta;
- **Comhlachtaí rialacháin agus maoirseachta eile lena ngabhann sainordú maidir le cúrsaí pleanála** mar shampla Oifig an Ombudsman (OO), Coimisiún na gCaighdeán in Oifigí Poiblí (SIPO), an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC) agus comhlachtaí dá leithéid a n-oibríonn ORP leo lá i ndiaidh an lae i mbun na bhfeidhmeanna faoin reachtaíocht a chomhlíonadh;
- **An tOireachtas** trí obair an Chomhchoiste Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil;
- **Comhaltaí tofa na n-údarás áitiúil** ar fud na tíre a leagtar feidhmeanna tábhachtacha orthu maidir le polasaithe a cheapadh i gcúrsaí pleanála agus a bhfuil bunriachtanas ina leith le cláir oiliúna agus tiomsú faisnéise ionas go gcuirtear le toradh na hoibre ar chúrsaí pleanála;
- **Gníomhaireachtaí stáit agus dreamanna eile a dtéitear i gcomhairle leo, mar gheall ar shainordú faoin reachtaíocht, maidir leis an bpróiseas pleanála**, i rith na gcéimeanna oibre maidir le pleananna a cheapadh agus le cinntí a dhéanamh a dhéanann cion tairbhe maidir leis an bpróiseas pleanála agus a chuireann aiseolas ar fáil faoi éifeachtúlacht na bhfeidhmeanna agus faoi na torthaí a bhíonn ar an obair;
- **Comhlachtaí tráchtála agus comhlachtaí státturraithe a mbíonn páirt acu i ngnéithe straitéiseacha den infreastruchtúr a chur ar fáil**, más ar bhonn réigiúnach nó náisiúnta é, gnéithe suntasacha den fhorbraíocht thráchtála agus thionsclaíochta san áireamh chomh maith le gnéithe den infreastruchtúr iompair & taistil, turasóireachta, fuinnimh agus comhshaoil.
- **Eagraíochtaí lucht gairme agus grúpaí sainleasa** a bhíonn páirteach i gcur na ndea-chaighdeán chun cinn maidir leis an mbainistíocht ar an timpeallacht nádúrtha agus thógtha, lena n-áirítear gairm na pleanála, na hailtireachta, na hinnealtóireachta agus na suirbhéireachta agus eagraíochtaí neamhrialtais éagsúla;
- **Earnáil an Ardoideachais (HEI)**, lena n-áirítear na cúig scoil pleanála ar oileán na hÉireann, agus dámha eile in ollscoileanna agus i bhforais ardoideachais a chuireann lón eolais, acmhainn taighde agus feidhmeanna oiliúna ar fáil i gcomhar le ORP;
- **Saineolaithe tráchttaireachta agus na meáin chumarsáide**, a bhfuil buntábhacht leo maidir le hobair na hoifige a chur in iúl agus daoine a chur ar an eolas maidir leis an tábhacht atá le pleanáil éifeachtúil, leis an timpeallacht nádúrtha agus an timpeallacht thógtha a chaomhnú agus le tuiscint agus aird níos fairsinge a chothú i measc an phobail faoi cheisteanna práinneacha pleanála na linne agus faoin dearcadh straitéiseach chomh mór céanna.

Lón Ábhair na nGeallsealbhóirí

Agus an Ráiteas Straitéise seo á leagan amach, admhaítear a thábhachtaí atá aird a bheith ar dhearcadh na ngeallsealbhóirí agus sin a bheith ina dhlúthchuid den aisling maidir leis an eagraíocht. Cuirtear de sprioc os ár gcomhair eagraíocht a chothú atá sochóirithe agus dírithe ar na geallsealbhóirí, luathbheartach agus sásta dul in oiriúint d'athruithe ar an timpeallacht ina bhfeidhmítear.

Anuas air sin, mar chuid den fheidhm maidir le taighde, oideachas agus tuiscint an phobail, tá ORP suite go straitéiseach mar chuid den chóras pleanála ionas gur féidir ceangal tábhachtach a nascadh idir réimse eagraíochtaí éagsúla agus an pobal i gcoitinne. Táthar den tuairim gur féidir, trí aird a thabhairt ar dhearcadh na ngeallsealbhóirí, eagraíocht sárfeidhmeach a thabhairt chun cinn agus cláir oibre den chríochnúlacht a chur ar fáil do phobal na tíre.

Ón tráth ar bunaíodh an Oifig i dtús mhí Aibreán 2019, tosaíodh ar an gcaidreamh le geallsealbhóirí éagsúla d'fhonn tuiscint a fháil ar an dearcadh a bhí acu ar ról ORP taobh istigh den chóras pleanála agus ar an ní a mbeidís ag tnúth leis.

Tríd an gcaidreamh sin i dtús ama, bhí cruinnithe againn le cuid mhór díbh chun tús a chur le cruthú na sinéirge agus córais foghlamtha a chur ar bun ionas gur féidir lón eolais a mhalartú agus comhoibriú oscailte forghníomhach a chur chun cinn idir na húdaráis pleanála, earnáil an ardoideachais, eagraíochtaí neamhrialtais, forais pleanála, comhlachtaí agus ranna Rialtais.

Bhí tugtha chun aire, de thoradh an phróisis sin, gur mhian le daoine go ndéanadh ORP gnéithe mar seo a leanas a thabhairt chun cinn, a fhorbairt agus a chothú:

- Comhoibriú dlúth rialta le geallsealbhóirí faoi chúrsaí straitéiseacha pleanála, faoi cheisteanna tráthúla agus maidir le réimsí easnaimh a thabhairt chun suntais;

- Léargas nua ar an bpróiseas pleanála agus comhlacht a chruthú óna bhféadfaí eolas maidir le cúrsaí pleanála a fháil;
- Rannpháirtíocht phoiblí níos fearr maidir le próiseas an phlean forbartha;
- Cur chuige 'ceachtanna foghlamtha' agus 'fonn cúnamh a thabhairt' chun follasacht agus cuntasacht a chothú i gcúrsaí pleanála;
- Cláir taighde, lena n-áirítear cúnamh taca maidir le cláir atá á rith ag eagraíochtaí eile, mar shampla 'Planning research agenda for Ireland' atá ar siúl faoi láthair ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus an Institiúid Ríoga maidir le Pleanáil Bailte;
- Cláir oiliúna do na húdaráis áitiúla chun cur chuige den aon chineál amháin a chur chun cinn chomh maith le feabhsú leanúnach i ndáil leis an bpróiseas maidir le pleananna a chur le chéile;
- Oiliúint maidir le Córais Faisnéise Geografaíochta le béim faoi leith ar chúrsaí tithíochta, ar an mbeartas athbheochana agus ar shonraí timpeallachta;
- Cláir maidir le Forbairt Leanúnach Gairmiúlachta (CPD) agus ábhar do phleanálaithe gairmiúla a chruthú.

D'fhonn cur leis sin arís, chuir ORP dréacht den Ráiteas Straitéise seo i láthair i mí Lúnasa 2019 ar mhaithe le comhairliúchán poiblí go ceann tréimhse sé seachtaine. Chuir páirtithe leasmhara agus eagraíochtaí geallsealbhóra éagsúla tríocha aighneacht faoi bhráid.

Léiríodh sna haighneachtaí go rabhthas go mór i bhfabhar ORP a chur ar bun agus an chuma ghinearálta a bhí ar an dréacht den phlean.

Díríodh aird i gcuid mhór de na haighneachtaí freisin ar dheiseanna ceangal a chruthú idir obair ORP agus

obair na heagraíochta féin. Bhí aighneachtaí eile inar tarraingíodh aird faoi leith ar cheisteanna maidir leis an gceangal idir obair ORP agus comhthéacs rialúcháin agus beartais maidir le planáil mara de réir mar a thugtar sin chun cinn, an gá béim a leagan ar ról tábhachtacha na n-údarás planála maidir le cúrsaí forfheidhmiúcháin agus an ról atá leis an bplanáil maidir le gnéithe buntábhachtacha den infreastruchtúr a chur ar fáil, agus tugtar iad sin ar fad san áireamh leis an leagan deiridh seo den Ráiteas Straitéise.

Ar na téamaí suntasacha eile a luadh i roinnt aighneachtaí éagsúla, bhí an bheartaíocht maidir le cúrsaí aeráide agus ábhar dúshláin eile maidir leis an timpeallacht a bhfuil práinn leo. Tá leasú déanta ar an leagan deiridh den Ráiteas ionas go bhfuil aird níos mó ar an bhfeidhm riachtanach leis an bpróiseas planála maidir leis na bearta a dhéantar i ndáil leis na réimsí dúshláin sin.

Féachtar le cultúr a chothú san eagraíocht lena mbaineann foghlaim agus feabhsú seasta leanúnach agus, mar chuid den obair maidir leis

an Ráiteas Straitéise seo a ullmhú agus a chur i bhfeidhm, áirítear an próiseas comhairliúcháin leis na geallsealbhóirí ar na príomhghnéithe a fhágann gur féidir le ORP aisling fhadtéarmach a leagan amach a bhfuil stuaim léi agus a chruthaíonn athrú seasmhach den rath.

Rinneadh gach aighneacht a cuireadh faoi bhráid a mheas agus an dréacht den Ráiteas a leasú chun tuairimí agus moltaí a thabhairt san áireamh ionas gur cinnte an ní a bhfuil tnúth ag geallsealbhóirí leis maidir le ról ORP taobh istigh den chóras planála le sonrú ar an Ráiteas. Ullmhaíodh cuntas achoimre ar na haighneachtaí go léir, agus ar fhreagra ORP maidir leis na moltaí éagsúla, agus beidh sin ar fáil go poiblí tar éis an cháipéis seo a fhoilsiú.

Is mian leis an Oifig buíochas a ghlacadh leis na daoine agus na heagraíochtaí a chaith am le haiseolas a chur ar fáil dúinn maidir leis an ráiteas agus tá súil go bhfuil léiriú oiriúnach ar an lón ábhair a cuireadh faoi bhráid sa leagan deiridh seo den phlean.



Spríocanna agus Bearta

Leagtar amach sa chuid seo príomhspríocanna na hOifige ar feadh ré feidhme an ráitis straitéise seo agus na bearta a ghabhann leo:

Spríoc 1: Dea-cháil mar ghuth cothrom neamhspleách maidir le héifeachtúlacht phróiseas pleanála na hÉireann a chothú

Spríoc 2: An nuálaíocht agus an fhoghlaim a chur chun cinn dóibh sin ar fad atá ina ngeallsealbhóirí maidir leis an bpróiseas pleanála

Spríoc 3: Díriú ar riachtanais an chustaiméara agus na ndreamanna a mbíonn caidreamh ag ORP leo

Spríoc 4: Eagraíocht éifeachtach ardfheidhmiúcháin a chruthú a threisióinn agus a fhorfheabhsaíonn próiseas pleanála na hÉireann

Spríoc 5: Eagraíocht sheasmhach shochóirithe a chruthú atá tugtha go leanúnach don fhoghlaim

Sprioc 1

Dea-cháil mar ghuth cothrom neamhspleách maidir le héifeachtúlacht phróiseas pleanála na hÉireann a chothú

Rith an tOireachtas reachtaíocht ionas go mbeadh ORP ina ghuth neamhspleách i gcroílár an chóras pleanála. Féachfaidh ORP leis sin a thabhairt i gcrích agus lena bheith de cháil ar an oifig ag an bpobal gur eagraíocht iontaofa í atá bunaithe ar eolas agus a fhéachann le feabhsú go leanúnach i mbun maoirseacht fhiúntach éifeachtúil a chur ar fáil maidir leis an gcóras pleanála.

Cinntoidh ORP, trí bhearta oideachais agus tuisceana, léargas níos fearr ag an bpobal maidir leis an ról agus na buntáistí atá le dea-phleanáil.

I mbun saothrú don Oifig ar mhaithe le leas an phobail, déanfar cion tairbhe in éineacht le geallsealbhóirí eile sa phróiseas pleanála maidir le dea-phleanáil agus forbairt inmharthach a chinntiú. Cuideoidh ORP freisin lena chinntiú go mbaintear leas, maidir leis an mbeartas poiblí a chur i bhfeidhm, as na coinníollacha breise ar chomhlachtaí faoin reachtaíocht maidir le heitic agus caighdeán in oifigí poiblí, bearta rialála maidir le stocaireacht san áireamh.

Bearta	Marcanna Suntasacha
<p>Athbhreithniú a dhéanamh, agus moltaí a eisiúint, i ndáil le gach céim den obair maidir leis an bpróiseas ullmhúcháin a ghabhann le dréachtphleananna forbartha contae, pleananna ceantair áitiúla agus straitéisí spáis réigiúnacha agus straitéisí eacnamaíochta, chomh maith le hathruithe agus leasuithe orthu sin, ionas go gcinntítear go dtagann siad leis na polasaithe pleanála agus na haidhmeanna pleanála náisiúnta agus réigiúnacha.</p>	<p>Measúnacht ar thuairim is 200 dréachtphlean, leasú, etc. ar bhonn tráthrialta (6 bliana).</p> <p>Modh measúnachta éifeachtúil straitéiseach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, i gcomhairle leis na príomhghceallsealbhóirí, na tionóil réigiúnacha agus CCMA san áireamh, i ndáil le pleananna straitéiseacha ionas go ndéantar a dteacht leis an mbeartas reatha agus leis na coinníollacha rialúcháin reatha a mheas, tosca na haeráide agus cúinsí eile san áireamh.</p>
<p>Fiosrú éifeachtúil tráthúil ar ábhar gearáin maidir leis an bpróiseas pleanála, nuair a bhaineann sin le cúrsaí córais agus le comhordú ar chúrsaí polasaí agus sa chás go bhfuil leas bainte cheana as gnáis athbhreithnithe an údaráis féin agus sa chás nach mbaineann an gearán le haon chás amháin faoi leith a thagann faoi scáth shainordú an Bhoird Pleanála, Oifig an Ombudsman, na gCúirteanna etc.</p>	<p>Seirbhís ghairmiúil ardchaighdeán atá so-úsáide a chur ar fáil go leanúnach maidir le gearáin a réiteach go luath-thráthúil.</p> <p>Oibreofar le páirtithe atá lán taithí, lán eolais agus neamhspleách chun seirbhís ardchaighdeán a chur ar fáil lena mbaineann luach maith ar airgead an Stáitchiste.</p> <p>Aontófar Meamram Tuisceana le hOifig an Ombudsman d'fhonn réimsí freagrachta agus gnáis oibre a shoiléiriú.</p>
<p>Bearta athbhreithnithe a dhéanamh go cóir éifeachtúil ar chórais agus ar ghnáis oibre atá in úsáid ag údaráis pleanála agus ag an mBord Pleanála.</p>	<p>Chomh maith le bearta athbhreithniúcháin a dhéanamh de bhun eachtraí faoi leith, déanfar athbhreithniú de réir córais ar feidhmiú ginearálta na n-údaráis i ndáil leis na feidhmeanna pleanála.</p> <p>Tá de rún ag an Oifig i rith ré feidhme na Straitéise seo brostú leis an tsraith athbhreithniúcháin ionas go dtugtar gach údarás faoi athbhreithniú de réir sraith tráthrialta sé bliana.</p> <p>Déanfar, i gcomhar le geallsealbhóirí mórtábhachta de leithéid na Roinne, na n-údarás pleanála agus NOAC, Creat Measúnachta maidir le Feidhmiúcháin na nÚdarás Pleanála (PAPAF) a leagan amach trína ndéanfar spriocanna comhaontaithe maidir leis an bpróiseas agus le torthaí saothair a shocrú mar shlata tomhais i ndáil le cúrsaí feidhmiúcháin agus éifeachtúlachta.</p>
<p>Oscailteacht agus follasacht maidir leis an obair uile.</p>	<p>Déanfar gach moladh i ndáil le plean reachtúil agus gach athbhreithniú agus scrúdú ar údarás pleanála atá tugtha chun críche a fhoilsiú ar láithreán gréasáin ORP.</p> <p>Tuarascáil bhliantúil na hoifige ar éifeachtúlacht phróiseas pleanála na hÉireann a fhoilsiú i ndáil leis an gcomhordú ar chúrsaí polasaí, an éifeachtúlacht maidir le seirbhísí pleanála a chur ar fáil agus le cur leis an mbonn eolais atá ar fáil ionas go gcinntítear rannpháirtíocht an phobail agus bonn fianaise le ceapadh an bheartais agus le déanamh na gcinntí.</p>
<p>Cuidiú le húdaráis, le geallsealbhóirí agus le dreamanna den phobal teacht ar ábhar maidir le polasaithe pleanála agus na cúrsaí a thagann i gceist a thuiscint.</p>	<p>Clár cumarsáide maidir leis an bpleanáil náisiúnta a chur i bhfeidhm ionas gur fearr an teacht a bhíonn ag an bpobal ar eolas maidir leis na réimsí feidhme, freagrachta agus buntáiste a ghabhann leis an dea-phleanáil.</p> <p>Cáipéisí polasaí agus cáipéisí treorach a bhaineann le hábhar a chur ar fáil i bhformáidí áisiúla ar thairseach faoi leith ar an láithreán gréasáin.</p>
<p>Luathbheartaíocht i mbun a bhfuil de dhíth ar chustaiméir nó ar gheallsealbhóir a shásamh agus dea-chaidreamh oibre a chothú leis na geallsealbhóirí mórtábhachta.</p>	<p>Seirbhís ar an gcaighdeán is airde a chur ar fáil don chustaiméir agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar a mbíonn de dhíth ar chustaiméirí agus ar phátrúin maidir leis na ceisteanna a thagann chun cinn.</p> <p>Beartaíocht fhorghníomhach, lena n-áirítear fóraim shainiúla a chur ar bun, d'fhonn caidreamh an chomhair a chur ar bun agus a choinneáil ar bun go héifeachtúil le geallsealbhóirí.</p>

Sprioc 2

An nuálaíocht agus an fhoghlaim a chur chun cinn dóibh sin ar fad atá ina ngeallsealbhóirí maidir leis an bpróiseas pleanála

Is d'Oifig an Rialaitheora Pleanála amháin a thugtar de chumhacht taighde agus oideachas a chur chun cinn ar mhaithe le feabhas a chur ar an obair maidir le dea-phleanáil agus forbairt inmharthana a chur ar fáil don phobal. Admhaítear an ról cinniúnach atá le ORP maidir le cur le tuiscint an phobail ar an bpleanáil, ar an tionchar a bhíonn ag an bpleanáil ar shaol an duine agus ar an timpeallacht agus ar an leas is féidir a bhaint as an bpleanáil chun comharsanachtaí inmharthana a chruthú.

Táthar den tuairim gur éifeachtach críochnúil mar modhanna oibre malartú eolais, oiliúint agus rannpháirtíocht an phobail, chun athrú buan a chothú agus beidh béim orthu sin mar chuid den straitéis seo ar mhaithe leis an sprioc seo a thabhairt i gcrích.

Bearta	Marcanna Suntasacha
<p>Cásanna sinéirge a chruthú le geallsealbhóirí eile, mar shampla na húdaráis áitiúla, na tionóil réigiúnacha, forais pleanála gus an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, d'fhonn réimsí easnaimh san eolas atá ar fáil a thabhairt chun aire, caighdeáin sárchleachtais a chruthú i gcúrsaí pleanála agus lón eolais a chur ar fáil maidir le cláir taighde de chuid ORP.</p>	<p>Cruinnithe rialta do gheallsealbhóirí a thionól, leas a bhaint as acmhainní intleachta agus acmhainní corparáide atá ar fáil cheana féin maidir le cláir taighde agus oideachais a chur ar bun, arna reáchtáil ag comhpháirtithe, lena gcuirtear torthaí fiúntacha a fáil an tráth céanna a gcinntítear luach ar an airgead.</p> <p>Córas Faisnéise Geografaíochta a chur i bhfeidhm atá ina chuidiú maidir le mapáil, réamhléiriú, anailís spáis, monatóireacht, anailísíocht, déanamh cinntí, agus caidreamh leis na geallsealbhóirí.</p>
<p>Grúpa Náisiúnta maidir le hEolas Pleanála a chur ar bun, lena mbainfeadh na húdaráis pleanála, earnáil an ardoideachais, eagraíochtaí neamhrialtais, forais pleanála, eagraíochtaí rialtais agus ranna rialtais.</p>	<p>Réimsí easnaimh maidir le cúrsaí eolais a thabhairt chun suntais trí thaighde i gcomhar a dhéanamh le geallsealbhóirí barrthábhachta i ndáil leis an gcóras pleanála.</p> <p>Suirbhéanna a dhéanamh leis na geallsealbhóirí agus cur i bhfeidhm agus oibriú an bheartais pleanála in Éirinn a mheas.</p>
<p>Cláir oideachais a chur ar fáil do ghrúpaí áirithe geallsealbhóirí, mar shampla, comhaltaí tofa, Stiúrthóirí Seirbhíse sna húdaráis áitiúla, pleanálaithe gairmiúla agus eagraíochtaí neamhrialtais.</p>	<p>Spríodhreamanna airdill a shonrú ionas go dtugtar faoi bhearnaí faoi leith sa réimse eolais.</p> <p>Cláir oideachais, ionaid eolais agus ábhar acmhainne a leagan amach agus a thabhairt i gcrích le béim faoi leith ar lón eolais do chomhaltaí tofa na n-údarás áitiúil maidir lena bhfuil de dhualgas orthu faoi reachtaíocht na pleanála agus na polasaithe reatha.</p> <p>Socrú a dhéanamh maidir le hoiliúint de chineál CPD do lucht déanta na gcinntí sa phróiseas pleanála, oifigigh agus pleanálaithe gairmiúla san áireamh.</p>
<p>Cláir creidiúnaithe CPD a fhorbairt do lucht gairme na pleanála.</p>	<p>Plé a chothú ag tús gach bliain féilire le Forais Pleanála maidir le cláir oiliúna CPD a fhorbairt i gcomhar.</p>
<p>Cur le tionscnaimh atá ar bun cheana féin ag údaráis pleanála chun feabhas a chur ar thuiscint an phobail ar an bpróiseas pleanála trí eolas a scaipeadh faoin mbuntáiste a bhaineann leis an bpleanáil agus a bhfuil bainte amach leis.</p>	<p>Seifteanna idirghníomhaíochta bunaithe ar TEC a chur i bhfeidhm ionas gur féidir rannpháirtíocht níos fearr ag daoine den phobal sa phróiseas maidir le pleananna a ullmhú.</p> <p>Seisiúin eolais don phobal a eagrú chun plé a dhéanamh ar cheisteanna tráthúla maidir le cúrsaí pleanála agus eolas praiticiúil a chur ar fáil maidir le rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas pleanála.</p>
<p>Imeachtaí atá dírithe ar an sárchleachtas i gcúrsaí pleanála a chur ar bun go rialta do na geallsealbhóirí go léir a bhaineann leis an bpróiseas pleanála.</p>	<p>Imeachtaí bliantúla, atá dírithe ar ghnéithe faoi leith den sárchleachtas a thugtar chun cinn trí shaothar taighde a chuireann ORP chun cinn i rith na tréimhse roimhe sin, a reáchtáil, imeachtaí i gcomhar le forais pleanála san áireamh.</p>

Spríoc 3

Díriú ar riachtanais an chustaiméara agus na ndreamanna a mbíonn caidreamh ag ORP leo

Cinntoidh ORP cur chuige dírithe ar an gcustaiméir maidir leis na seirbhísí go léir. Déanfar caidreamh leis na geallsealbhóirí agus leis na custaiméirí ionas gur fearr a thuigtear a bhfuil de dhíth orthu. Déanfar feabhsú leanúnach agus forbairt ar na modhanna idirchaidrimh leis an gcustaiméir, úsáid as teicneolaíocht an eolais san áireamh.

Bearta	Marcanna Suntasacha
Cairt an Chustaiméara atá ardaidhmeach agus ag baint le hábhar a leagan amach, a thabhairt faoi athbhreithniú go tráthrialta agus poiblíocht a dhéanamh mar gheall air.	An chairt ina leagtar amach gealltanais na hOifige maidir le seirbhís don chustaiméir a bheith ar fáil go furasta ar an láithreán gréasáin, i nGaeilge agus i mBéarla.
Aiseolas a iarraidh go leanúnach ó chustaiméirí agus ó gheallsealbhóirí ionas go dtuigtear tuairim an chustaiméara ar an gcóras pleanála agus go dtugtar aon athrú ar dhearcadh an chustaiméara chun aire.	Suirbhéanna a dhéanamh ar na custaiméirí ionas go gcinntítear an tseirbhís is fearr á tabhairt dóibh. Córais oibre an láithreán gréasáin a fhorbairt sa chaoi is gur féidir leis an gcustaiméir caidreamh a chothú linn ar bhealach éifeachtach cóiriúil. Anailís a dhéanamh ar shonraí a thagann trí phróiseas na ngearán ionas go bhfaightear léargas ar na ceisteanna a thagann chun cinn.
Cur chuig an gcumarsáid leis na custaiméirí agus leis na geallsealbhóirí ar bhealach leathanréimseach straitéiseach agus uirlisí agus modhanna éagsúla a úsáid, an láithreán gréasáin agus sruthanna ar na meáin shóisialta san áireamh.	Déanfar an láithreán gréasáin agus teacht i láthair na hOifige ar na meáin shóisialta a choinneáil sa chaoi is go gcinntítear dea-chumarsáide le custaiméirí agus le custaiméirí ionchais agus go gcuirtear leis an tuiscint ar ORP agus ar fheidhmeanna na hOifige.
Déanfar i gcónaí eolas a chur ar fáil atá soiléir agus chomh so-aimsithe sothuigte agus is féidir.	Comhfhreagras a fhreagairt i bhfoclaíocht atá soiléir simplí agus saor, nuair is féidir ar chor ar bith é, ó bhéarlagair agus ó théarmaíocht theicniúil. Cinntiú go scríobhtar lón ábhair an láithreán gréasáin i mBéarla simplí, de réir mar is cóir.
Cinntiú go bpléitear le gach gearán ó chustaiméir ar an mbealach is críochnúla, éifeachtaí agus neamhchlaonta agus is féidir.	Cód cleachtais a chur i bhfeidhm go hinmheánach maidir le déileáil le hábhar gearáin.

Spríoc 4

Eagraíocht éifeachtach ardfheidhmiúcháin a chruthú a threisíonn agus a fhorfheabhsaíonn próiseas pleanála na hÉireann

Tá cur i gcrích forghinearálta an Ráitis Straitéise seo ag brath ar oibriú na hoifige ina heagraíocht sárfeidhmiúcháin. Cuirfear córais agus gnáis éifeachtacha ar bun a chuireann ar chumas na heagraíochta na dualgais faoin reachtaíocht a chomhlíonadh agus leas an phobail a dhéanamh go críochnúil.

Oibreoidh ORP i gcomhar le comhlachtaí Stáit eile, mar shampla na húdaráis áitiúla, na tionóil réigiúnacha, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Oifig na nOibreacha Poiblí, Uisce Éireann, Bonneagar Iompair Éireann agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta agus Ranna Rialtais, chun faisnéis agus eolas a mhalartú d'fhonn forfheabhas a chur ar an bpróiseas pleanála.

Bearta	Marcanna Suntasacha
Luach ar an airgead agus bainistíocht stuama airgid a chinntiú maidir le gnéithe uile an ghnó.	Déanamh de réir na gcód caiteachais poiblí, na rialacha maidir le cúrsaí soláthair agus bainistíocht airgeadais san áireamh, ionas go gcinntítear cuntasacht agus follasacht. Tuiriscíocht airgeadais chruinn thráthúil.
Sraith de chórais TEC a chur le chéile ionas go gcinntítear feidhmiú éifeachtúil, caidreamh forleathan agus déanamh na bhfeidhmeanna reachtúla go tráthúil.	Ardán sothaptha ar líne a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun eolas maidir le cúrsaí pleanála a scaipeadh, ionad acmhainní oiliúna a chur ar fáil agus teacht a bheith go furasta ag an bpobal ar shonraí pleanála.
Struchtúir rialachais a chur i bhfeidhm trína gcuirtear déanamh cinntí chun cinn ar bhealach lena mbaineann cuntasacht agus follasacht agus atá ag teacht leis an gCód Cleachtas maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit.	Tuiriscí cruinne tráthúla maidir le rialachas corparáide a chur faoi bhráid na Roinne. Córas daingean maidir leis an rialáil inmheánach a chinntiú agus modh monatóireachta leanúnach a chur ar bun ina leith trí bhearta iniúchta inmheánacha go tráthrialta.
Cuidiú le hobair na hearnála poiblí trí mhalartú eolais, fheabhsú gnáis oibre agus dlúthobair i gcomhar le comhlachtaí poiblí eile d'fhonn an éifeachtúlacht is fearr a thabhairt i gcrích.	Caidreamh a cheangal le comhlachtaí rialúcháin eile chun leibhéal sárchleachtas i gcoitinne a thabhairt chun cinn ar mhaithe le seirbhís a chur ar fáil don phobal le barr éifeachta.
Polasáí cumarsáide a fhorbairt lena mbaineann béim faoi leith ar chumarsáid luathbheartach le geallsealbhóirí maidir le hathruithe ar an gcóras pleanála agus le ceisteanna tráthúla.	Foilseacháin a eisiúint agus seimineáir eolais a réachtáil do gheallsealbhóirí na heagraíochta agus don phobal i gcoitinne.

Spríoc 5

Eagraíocht sheasmhach shochóirithe a chruthú atá tugtha go leanúnach don fhoghlaim

Táthar tugtha do shárhfheidhmiú na heagraíochta a bhaint amach trí chumhacht a thabhairt do lucht na hoifige, córais agus gnáis thréana a fhorbairt agus cuntasacht agus follasacht a chinntiú maidir le gach gné den ghnó. Féachfar le ORP a thabhairt chun cinn ina heagraíocht atá luathbheartach maidir le dul in oiriúint d'athrú seachtrach an tráth céanna a gcoinnítear caighdeáin feidhmiúcháin den chineál is airde ar bun.

Bearta	Marcanna Suntasacha
Baill foirne cumasacha díograiseacha a mhealladh agus a choinneáil agus an eagraíocht a fhorbairt trí infheistíocht a dhéanamh sna daoine agus sna struchtúir ionas go gcinntítear bonn daingean á choinneáil faoi na spríocanna straitéiseacha a bhaint amach agus faoi luachanna na heagraíochta.	An fhoireann a cheapadh i gcomhréir leis an bplean lucht saothair agus cultúr a chothú lena mbaineann foghlaim leanúnach trí chlár oiliúna agus forbartha a chur ar fáil a bhaineann le hábhar agus is féidir a aistriú ar fud na bhfud.
Forbairt leanúnach ar an lucht foirne trí chóras cuimsitheach maidir le bainistíocht feidhmiúcháin, foghlaim agus forbairt.	Socrú spríocanna bliantúla a dhéanamh go héifeachtúil maidir le bainistíocht feidhmiúcháin agus plean foghlama agus forbartha bliantúil a fhorbairt lena dtugtar san áireamh scileanna agus taithí an lucht foirne ionas go forbairt agus go dtugtar aon easnamh eolais chun aire.
Infreastruchtúr TEC a chur i bhfeidhm atá shochóirithe, slán agus furasta a athrú.	Bearta iniúchta TEC a dhéanamh go tráthrialta ionas go dtugtar réimsí easnaimh chun aire agus go gcuirtear bearta feabhsúcháin i bhfeidhm agus go gcinntítear béim ar shlándáil sonraí maidir leis na tionscnaimh TEC ar fad.
Dul in oiriúint go tapa d'athrú ar an reachtaíocht nó ar an pholasaithe a bhaineann le comhlíonadh feidhmeanna na heagraíochta.	Monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar chora nua maidir le cúrsaí reachtaíochta agus polasaí agus an oiliúint chúí a chur ar fáil don lucht foirne.
Beart a dhéanamh maidir le hathruithe ar an réimeas rialúcháin ionas go gcinntítear tús áite i gcónaí ag leas an phobail agus cinntí á ndéanamh.	Craobhchóras de chomhlachtaí rialúcháin a chruthú nó páirt a ghlacadh ann ionas go dtugtar athruithe ionchais chun aire go luathbheartach.
Tionchar ionchais an chóras pleanála ar an timpeallacht, ar phobal comharsanachtaí, ar chúrsaí iompair agus ar réimsí eile a bhaineann le hábhar a thabhairt chun suntais ionas go ndéantar go forghníomhach seifteanna stuama ina leith a leagan amach.	Trí thaighde a dhéanamh, i gcomhar le geallsealbhóirí, agus anailís a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na bpolasaithe pleanála, réamh-mheastacháin bhliantúla a ullmhú i ndáil le tionchar ionchais a thuar.

An Éifeachtúlacht a Léiriú

Mar chuid den Ráiteas Straitéise, féachfar le seirbhísí ardchaighdeáin den éifeacht a chur ar fáil do na geallsealbhóirí ar fad ar bhealach is féidir a mheas agus admhaítear an tábhacht atá le tuairisceoireacht a dhéanamh ar bhealach follasacht, tráthúil agus freagrach ar an obair a dhéantar.

Déanfar gach bliain Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú agus a fhoilsiú ina dtugtar eolas mionsonraithe faoi fheidhmiú na hOifige i gcomparáid leis na spriocanna a leagtar amach sa Ráiteas Straitéise seo. Agus an Tuarascáil sin á hullmhú, tabharfar tuairisc ar ghnéithe iomadúla de ghnó na hOifige, ina measc:

- an dul chun cinn maidir le réimsí de bheartas an Rialtais a chur i bhfeidhm, mar shampla an Creat Náisiúnta Pleanála;
- na pleananna forbartha agus na pleananna agus straitéisí eile a ndearnadh measúnacht ina leith agus na ceisteanna a eascraíonn ón obair sin;
- ábhar staitisticí maidir le déileáil le gearáin;
- tagarmharcáil maidir le leibhéal feidhmiúcháin na n-údarás pleanála;
- réimsí eile den taighde a dhéantar go leanúnach;
- cláir oideachais a chuirtear ar fáil do na geallsealbhóirí;
- torthaí airgeadais agus luach an airgid; agus
- acmhainn cumais na heagraíochta, na háitribh agus acmhainní eile atá ar fáil san áireamh.

Beidh an dul chun cinn maidir leis na marcanna suntasacha a bhaint amach ina lón eolais freisin maidir le pleananna bliantúla gnó a chur i dtoll a chéile maidir le gach réimse feidhme de chuid ORP. Tabharfar chun suntais maidir leis na pleananna bliantúla gnó seo freisin an t-ábhar dúshláin, an t-ábhar baoil agus na deiseanna a thagann chun cinn i dtimpeallacht feidhme na hOifige agus déanfar soláthar dó.

Admhaítear freisin an tábhacht atá le cloí le hardchaighdeáin den rialachas corparáide i gcomhréir leis an gCód Cleachtas maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit. Oibreofar go dlúth leis an roinn rialtais a dtagann an Oifig faoina coimirce d'fhonn cuntasacht airgeadais, rialáil stuama inmheánach, cothroime agus follasacht a léiriú i mbun an ghnó.

Déanfar Comhaontú Maoirseachta agus Comhaontú Feidhmiúcháin a aontú agus a chur i bhfeidhm, tar éis an Ráiteas Straitéise seo a fhoilsiú, agus tabharfar gealltanas breise ar an gcaoi sin maidir le rialachas stuama corparáide a choinneáil ar bun, lena n-áirítear:

- Coiste Réimsí Priacail a chur ar bun ionas go gcinntítear measúnacht dhian go rialta ar réimsí baoil;
- Coiste Airgeadais agus Iniúchta a bhunú;
- Clár Soláthair a chur i bhfeidhm ionas go gcinntítear monatóireacht rialta maidir le luach ar an airgead.

Anuas ar an méid sin, admhaítear an tábhacht chinniúnach atá le feidhmiú na hoifige a mheas de réir shásamh na gcustaiméirí. Beidh staitisticí á gcaomhnú chun an dul chun cinn maidir leis na spriocanna seirbhíse a luaitear sa Chairt don Chustaiméir a mheas. Déanfar bearta comhairliúcháin agus suirbhéireachta gach bliain d'fhonn tuairimí na ngeallsealbhóirí maidir leis na spriocanna a thabhairt san áireamh.

San obair maidir le hOifig an Rialaitheora Pleanála a chur ar bun agus i mbun feidhme go héifeachtúil, táthar ag tnúth le próiseas pleanála níos éifeachtúla arís a chruthú in Éirinn agus sin chun leas an phobail.



**Oifig an
Rialaitheora Pleanála**
Office of the
Planning Regulator

T +353 (0)1 553 02 70
E info@opr.ie
W www.opr.ie